OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

# Creat Meantóireachta Ollscoil na Gaillimhe

## 1. Sainmhíniú ar Mheantóireacht/cad is meantóireacht ann?

*"Is gnách go ndéanann meantóireacht san ionad oibre cur síos ar chaidreamh ina roinneann comhghleacaí a bhfuil níos mó taithí aige/aici a c(h)uid eolais chun tacú le forbairt comhalta foirne. Éilíonn sé scileanna ceistiúcháin, éisteachta, soiléirithe agus athdhréachtaithe".* CIPD, 2021.

Is féidir meantóireacht a shainmhíniú mar *"tacaíocht ó dhuine amháin go duine eile chun aistrithe suntasacha a dhéanamh in eolas, obair nó smaointeoireacht*".

Is duine le taithí é/í an meantóir a bhfuil sé mar ról aige/aici "cuidiú" seachas "insint", agus spreagtar an té a bhfuil meantóireacht á déanamh air/uirthi rudaí a dhéanamh as a stuaim féin.

## 2. An Mheantóireacht in Ollscoil na Gaillimhe

I measc na gclár meantóireachta in Ollscoil na Gaillimhe tá:

- Scéim Meantóireachta Ollscoil na Gaillimhe
- Comhoibrigh: Clár Meantóireachta Piaraí Idir-Institiúideach
- An Clár Aurora do Chomhionannas, Éagsúlacht & Cuimsiú
- Clár Meantóireachta Taighde PGR

## 3. Róil agus Freagrachtaí

**Meantóir**
De ghnáth beidh post ag an Meantóir atá ar leibhéal níos sinsearaí nó beidh níos mó taithí aige/aici i réimse spéise an Mheantaí. Is é/í an Meantaí a spreagann an caidreamh meantóireachta.

D'fhéadfadh an Meantóir a bheith scaití ina (h)eiseamláir nó ina (h)éisteoir maith, ach uaireanta eile, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an meantóir dúshlán a thabhairt, comhairle a chur ar fáil nó éascaíocht a dhéanamh. Is cuma cén ról atá aige/aici, léireoidh an Meantóir na caighdeáin ghairmiúla is airde agus léireoidh sé/sí raon tréithe pearsanta i ngach ceann de na róil sin lena n-áirítear:

- Spéis ina f(h)orbairt féin agus daoine eile
- Cumas éisteachta den scoth
- Ní mór a bheith in ann teacht go héasca ar an meantóir agus go mbeadh an meantóir ar fáil nuair a bheas gá leis
- Cumas muinín a shaothrú agus rúndacht a choinneáil
- Cur chuige tairbheach a chur chun cinn i gcónaí ina gcuirtear an bhéim ar fhorbairt an Mheantaí

Beidh taithí ag Meantóirí ar dhaoine atá spreagtha chun difríocht a dhéanamh sa ról agus a bhfuil na hinniúlachtaí acu atá liostaithe i bh**figiúr 1** thíos.

**Figiúr 1: Inniúlachtaí an Mheantóra**

1. Féinfheasacht (tú féin a thuiscint)
2. Cumarsáid
3. Stuama/Acmhainn grinn
4. Spéis i bhforbairt daoine eile
5. Soiléire spriocanna
6. Feasacht iompraíochta (daoine eile a thuiscint)
7. Coincheapú
8. Tuiscint Ghnó/Ghairmiúil
9. Tiomanta dá f(h)oghlaim féin
10. Bainistíocht caidrimh

**An Meantaí**

Tá ról ag an Meantaí i gcinntiú go n-éiríonn go maith leis an gcaidreamh Meantóireachta agus is féidir leis/léi cur le rath an chaidrimh Meantóireachta trí;

- A bheith sásta tabhairt faoi dheiseanna forbartha gairme
- A bheith oscailte agus ionraic leis an Meantóir maidir leis na spriocanna atá uaidh/uaithi ón gcaidreamh
- Tuiscint agus meas a léiriú ar dhúthracht an Mheantóra
- Cloí le rúndacht

**Ról an Choláiste/na Scoile agus an Aonaid**

Ainmneoidh gach Coláiste/Scoil/Aonad "seaimpín meantóra" a thacóidh leis an gclár Meantóireachta laistigh dá n-aonad. Cuirfidh an Oifig Acmhainní Daonna/Foghlaim & Forbairt tacaíocht ar fáil don seaimpín meantóra maidir leis na nithe seo a leanas:

- An próiseas Meantóireachta a éascú laistigh dá n-aonad trí Mheantóirí agus Meantaithe a spreagadh tabhairt faoin bpróiseas.
- Tacú le agus tuairisciú ar mheantóireacht mar phríomhtháscaire feidhmíochta ar leibhéal feidhmiúcháin scoile agus aonaid.
- Casadh le Meantóirí ionchasacha, nuair is cuí, chun oiriúnacht do ról an Mheantóra a phlé
- Ainmniúcháin do mheantóirí/meantaithe a bhailiú laistigh dá réimse.
- Cleachtas machnamhach a éascú chun Meantóireacht a chur chun cinn.

**Acmhainní Daonna**

Oibreoidh an Oifig Acmhainní Daonna le gach Coláiste/Scoil/Aonad agus cuirfidh sí tacaíocht ar fáil dóibh trí:

- Seisiúin eolais a eagrú faoin bpolasaí meantóireachta.
- Ceardlanna meantóra agus meantaí a eagrú agus a shocrú.
- Cabhrú le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas.
- Cabhrú le meantóirí/meantaithe a chur le chéile i mbeirteanna.

- Tacú le cleachtas machnamhach trí shonraí ábhartha a bhailiú agus a sholáthar gan rúndacht meantóra/meantaí a shárú.

## 4. Cás Gnó le haghaidh Meantóireachta in Ollscoil na Gaillimhe

- Spreagann idirghabhálacha foghlama obair-dhírithe aonair cosúil leis an meantóireacht an fostaí le freagracht a ghlacadh as a c(h)uid foghlama féin, agus cothaíonn siad féinmhuinín agus an cumas a bheith ag foghlaim cén chaoi le foghlaim.
- Glacann foghlaim trí mheantóireacht níos lú ama imithe ó do phost ná mar a ghlacann sé freastal ar chúrsaí oiliúna.
- Bíonn táirgiúlacht níos mó mar thoradh ar earcaigh den scoth a mhealladh agus gach gné dá n-inniúlacht a fhorbairt.

## 5. Treoirlínte Meantóireachta Ollscoil na Gaillimhe

### a. Cuspóirí an Chláir Meantóireachta

- Dlús agus feabhas a chur ar ionduchtú agus forbairt na meantaithe
- Tacú le meantaithe chun an stuamacht agus an breithiúnas a fhorbairt atá riachtanach chun an t-eolas a bhailítear trí oideachas, ar an láthair oibre agus trí oiliúint fhoirmiúil a chur i bhfeidhm
- Am agus spás a thabhairt do na meantaithe chun machnamh a dhéanamh, dúshlán a thabhairt dá smaointeoireacht féin, léargas a fhorbairt, agus na gníomhartha a theastaíonn chun a bhforbairt a chur chun cinn a aithint
- Na meantaithe a threorú chun dul i dtaithí ar struchtúr foirmiúil agus neamhfhoirmiúil na heagraíochta
- Féintuilleamaí agus an cumas a bheith ag foghlaim cén chaoi le foghlaim a chothú sna meantaithe

### b. An Clár Meantóireachta a éascú

Ba chóir go mbeadh feasacht, spreagadh agus cur chun cinn an phróisis meantóireachta faoi stiúir an aonaid agus ba chóir go mbeadh an Oifig Acmhainní Daonna ag tacú le bainistíocht leanúnach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí meantóireachta.

### c. Meantóirí agus Meantaithe a chur i mBeirteanna

**Meantaithe**
Caithfidh Meantaithe Meantóir oiriúnach a aimsiú. Beidh riachtanais shonracha agus uathúla ag gach duine.

1. Moltar do Mheantaithe freastal ar cheardlann Meantóireachta.
2. Ba chóir do mheantaithe labhairt lena mbainisteoir díreach nó le seaimpín meantóireachta an Choláiste/an Aonaid agus spéis a léiriú sa phróiseas meantóireachta.
3. Is féidir le meantaithe teagmháil dhíreach a dhéanamh le hAcmhainní Daonna/Foghlaim agus Forbairt más mian leo a gcuid riachtanas a phlé go discréideach.
4. Ba chóir do gach Meantaí "Foirm Mheantaí", atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Aonaid Foghlama agus Forbartha, a chomhlánú. Cuideoidh sé seo le Meantóirí agus Meantaithe a chur i mbeirteanna.
5. Cuirfear Meantaithe in éineacht le Meantóirí ina gColáiste/Aonad féin. Mar sin féin, má iarrtar é nó má tá easpa Meantóirí oiriúnacha ann, breithneofar ar phéireáil a dhéanamh laistigh den líonra ollscoile níos leithne.

**Meantóirí**

1. Moltar do gach meantóir an cheardlann ábhartha a dhéanamh sula nglacfaidh sé/sí ról mar mheantóir.
2. Ba chóir do gach Meantóir "Foirm Mheantóra", atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Aonaid Foghlama agus Forbartha, a chomhlánú. Cuideoidh sé seo le Meantóirí agus Meantaithe a chur i mbeirteanna.

**d. Ceardlanna meantóireachta**

Aidhm an Chláir Meantóra

• Comhréiteach a fhorbairt idir na meantóirí go léir i dtéarmaí ionchais idir an Meantóir agus an Meantaí

• Tuiscint a fháil ar an gcaoi le bheith i do mheantóir den scoth agus roinnt de na príomhscileanna a aithint

• Cleachtadh a dhéanamh ar na scileanna iompraíochta a theastaíonn chun bheith i do mheantóir éifeachtach

Aidhm an Chláir Meantaí

• Na hionchais idir an Meantóir agus an Meantaí a thuiscint

• An Próiseas agus Conradh Meantóireachta a thuiscint

• Plean Forbartha Meantóireachta a chruthú agus na chéad chéimeanna a ghlacadh.

**e. Fad agus Uainiú na gCaidreamh Meantóireachta**

Leanfaidh an caidreamh meantóireachta ar feadh tréimhse 12 mhí mura gcomhaontaíonn an meantóir agus an meantaí eatarthu féin gur chóir go mairfeadh sé níos faide. Murar féidir caidreamh a chothú ar chúis ar bith, féadfaidh an meantóir agus an meantaí iarraidh caidreamh nua a chruthú.

**f. Comhfhoghlaim na Meantóirí**

Socróidh an Oifig Acmhainní Daonna/an tAonad Foghlama agus Forbartha seisiúin sa Chleachtas Machnamhach le Meantóirí agus Meantaithe chun na léargais ghinearálta a fhaightear ó chaidrimh mheantóireachta a roinnt, agus aon athruithe a theastaíonn a dhéanamh ar an gclár a aithint agus eolas nua a chur i bPolasaí & Nós Imeachta na hOllscoile nuair is cuí. Ní sháróidh na díospóireachtaí seo rúndacht an chaidrimh meantóireachta aonair.

## 6. Meantóireacht in Ollscoil na Gaillimhe - Príomhghníomhartha agus Cáipéisí

| **Príomhghníomhartha** |
|---|

- Meantóirí agus Meantóirí á n-ainmniú ag an gColáiste/Scoil/Aonad
- Oiliúint a chur ar mheantóirí
- Oiliúint a chur ar mheantaithe
- Meantóirí a shannadh do mheantaithe
- Foirmeacha agus cáipéisí a chur ar fáil mar threoir do Mheantóirí/Meantaithe
- Sonraí agus taifid ábhartha, cosúil le líon na meantóirí agus na meantaithe ar an gclár ag aon am faoi leith, le bailiú ag AD, gan rúndacht a shárú
- Roinneann meantóirí léargais ghinearálta, gan rúndacht a shárú

**Foirmeacha**

**Cáipéis 1 – Clár Oibre Molta don Chéad Chruinniú Meantóireachta**

**Réamhrá**

Céard ba mhaith linn/a theastaíonn uainn a bheith ar an eolas faoina chéile? e.g. *stair ghairme, cúinsí baile, spéiseanna lasmuigh den obair*
Cá mbuailfimid le chéile, cé chomh minic, agus le haghaidh cá fhad?
Céard a fhágfaidh gur caidreamh sásúil agus úsáideach é seo don bheirt againn?
Céard leis a bhfuilimid ag súil óna chéile?
Uaillmhian ghairme an Mheantaí

**Spriocanna Forbartha agus Socrú Treorach**

Spriocanna forbartha an Mheantaí
Céard ba mhaith leat a fheabhsú sa phost reatha agus mar ullmhúchán do phoist amach anseo?
Cad chuige is mó a dteastaíonn treoir/comhairle/cluas éisteachta uait?
Céard iad na tosaíochtaí atá againn?
An mian linn clár oibre a shocrú dár gcéad chruinniú eile?
An bhfuil aon fhadhbanna ann ar cheart dúinn oibriú orthu anois?

**Taifead ar an gCéad Chruinniú a chríochnú**

**Dáta agus Am a Chomhaontú don Chéad Chruinniú Eile**

**Cáipéis 2 - Comhaontú Meantóireachta Samplach**

**Comhaontú**

Chomhaontaíomar na bunrialacha agus an cód eitice thíos don chaidreamh meantóireachta.

_______________________ (Meantóir) ________________________ (Meantaí) ____________ (Dáta)

**Bunrialacha**

Buailfimid le chéile go míosúil, aontóimid am, dáta agus fad na gcruinnithe roimh ré.

Cuideoidh an meantóir leis an duine atá ag dul i mbun spriocanna forbartha a bhaint amach, ach ligfidh sé/sí don duine atá ag dul i mbun oibre rudaí a dhéanamh dó/di féin a oiread agus is féidir.

Roinnfidh an meantóir léargas ginearálta a fuarthas ón gcaidreamh meantóireachta seo mar chuid den phróiseas foghlama eagrúcháin, ach beidh meas ar rúndacht phearsanta i gcónaí.

**Cód Eitice**

Is é ról an mheantóra freagairt do riachtanais forbartha agus do chlár oibre an mheantaí: ní chun a c(h)lár oibre féin a bhrú chun cinn.

Beidh meas ag an meantóir agus ag an meantaí ar am a chéile agus ar fhreagrachtaí eile, ag cinntiú nach gcuireann siad isteach ar a chéile níos mó ná mar atá réasúnta.

Cé go bhfuiltear ag súil go gcoinneoidh an meantóir gach ní faoi rún, beidh sé/sí aireach ar fhorálacha dlí a éilíonn go ndéantar saincheisteanna a thuairisciú do na húdaráis ábhartha.

# Meantóireacht Inneachair in OÉ Gaillimh – Príomhghníomhartha agus Cáipéisí

**Cáipéis 3 – Taifead ar Chruinnithe Meantóireachta**

**Ainm an Mheantaí:** ______________________________________________________________________

**Ainm an Mheantóra:** ______________________________________________________________________

**Dáta an Chruinnithe:** ______________________________________________________________________

**Uimhir an Chruinnithe:** ______________________________________________________________________

| Sprioc forbartha | Pointí a pléadh | Gníomhartha a comhaontaíodh |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**An dáta a aontaíodh don chéad chruinniú eile:** ___________________________ **Am:** ______________________